2019. M73T

2019L027A1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019**

---

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH MAIDIN, 9:30 – 12:30**

## TREORACHA

1. Freagair **Roinn A** agus **Roinn B** de **Cheist 1** agus **CEITHRE** cheist eile.

2. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

3. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

4. Cuirtear grafpháipéar ar fáil le haghaidh graf, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun, le do thoil.

**Ceist 1.** **(100 marc)**

**Roinn A – 50 marc**

Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:




**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear ábhar comhchodach carbóin i ndéantúsaíocht painéal cabhlach don fhréamhshamhail den tacsaí eitilte, *AeroMobil 5.0 VTOL*.

**(b)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar phróiseas na deighilte snámhachta.

**(c)** Ainmnigh na príomhbhuntáistí a bhaineann le cumhacht neomatach a úsáid sa tionsclaíocht.

**(d)** Pléigh an méid a chuir duine **amháin ar bith** acu seo a leanas leis an teicneolaíocht:
(i) Robert Boyle (ii) Kim Eric Drexler (iii) Theodore Maiman.

**(e)** Bíonn an roth iompair tromshaothair a thaispeántar á thiomáint ag mótar céimneach. Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar mhodh **amháin** chun an roth seo a cheangal go daingean le seafta an mhótair chéimnigh.




**(f)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le níolón a úsáid chun an roth a thaispeántar a dhéanamh.

**(g)** Déan idirdhealú, agus léaráidí mar chúnamh agat, idir *glanoiriúint* agus *bacoiriúint.*

**(h)** Ainmnigh **trí** mheán fuaraithe a d'fhéadfaí a úsáid le linn teaschóireáil a dhéanamh ar mhiotal.



**(i)** Úsáidtear alúmanam feadánach anóidithe i ndéantúsaíocht an mhaide siúlóide a thaispeántar. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a ndéantar alúmanam a anóidiú.

**(j)** Tá dearadh teileascóipeach ar an maide siúlóide seo chun go mbeidh daoine nach ionann airde dóibh in ann é a úsáid. Le cúnamh léaráide, mínigh conas is féidir an maide a dhearadh chun go mbeidh socrú teileascóipeach ann.

**(k)** Mínigh an téarma *leathsheoltóir* agus tabhair sampla de.

**(l)** Liostaigh **trí** shonra a thaispeántar de ghnáth ar líníocht dearadh.


**(m)** Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an dathchódú sna comharthaí sábháilteachta a thaispeántar.



**Roinn B – 50 marc**

Freagair **gach** ceann acu seo a leanas:

**(n)** Déantar cur síos go coitianta ar an nanaitheicneolaíocht mar theicneolaíocht atá ag teacht chun cinn. In 1985 sheol eolaí Breataineach, Harry Kroto, an fhullairéin sféarúil a thaispeántar thall. Tugtar '*buckyball*' go coitianta air.



**(i)** Déan cur síos ar an téarma nanaitheicneolaíocht.

**(ii)** Mínigh an struchtúr agus na hairíonna atá ag *buckyball*.

**(o)** Tá teicneolaíocht an tóireadóra scanta i gcroílár fhorbairt na nana-ábhar. Le cúnamh léaráide/í, tabhair breac-chuntas ar an oibríocht atá ag **ceann amháin** díobh seo a leanas:


**(i)** Micreascóp Fórsa Adamhaigh (AFM).

**(ii)** Micreascóp Tollánaithe Scanta (STM).

**(p)** Déan cur síos ar fheidhmeanna sonracha nanaitheicneolaíochtaí i n**gach** réimse díobh seo a leanas:

- Diagnóis a dhéanamh ar riochtaí leighis
- Drugaí a sheachadadh
- Cosc a chur ar tharbhfhrídí.

**(q)** Tá leatháin ghraiféine agus nanaifheadáin charbóin ina ndlúthchuid d'fhorbairt nanaitheicneolaíochtaí.



**(i)** Déan cur síos ar conas a thógtar nanaifheadáin charbóin.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** airí mheicniúla de chuid leatháin ghraiféine.


**(r)** Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh an nanaitheicneolaíocht dul chun tairbhe do **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:


**(i)** Leictreonaic.

**(ii)** Cosaint na timpeallachta.

**(iii)** Éadaí.

**(iv)** Íonacht uisce.






**Ceist 2.** **(50 marc)**

**(a)** Ní mór *strustuirse miotail* agus *cruas miotail* araon a chur san áireamh i ndearadh agus déantúsaíocht chromfhearsaid an innill i gcarranna ardfheidhmíochta spóirt.

**(i)** Déan cur síos ar na téarmaí *strustuirse miotail* agus *cruas miotail*.




**(ii)** Déan cur síos, le cúnamh léaráide/í, ar thástáil le haghaidh cruas miotail.



**(b)** Fuarthas na torthaí a thaispeántar thíos ó thástálacha teanntachta ar **dhá** mhiotal, **miotal A** agus **miotal B**.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Miotal A** | **Strus (N/mm²)** | 125 | 260 | 400 | 425 | | | | |
| **Miotal B** | **Strus (N/mm²)** | 30 | 60 | 87 | 110 | 135 | 150 | 162 | 140 |
| **Miotal A & B** | **Straidhn (× 1000)** | 0.50 | 1.00 | 1.50 | 2.00 | 3.00 | 4.00 | 6.00 | 8.00 |

**(i)** Ag baint úsáid duit as an ngrafpháipéar a cuireadh ar fáil, breac an léaráid struis is straidhne do **mhiotal A** agus an léaráid struis is straidhne do **mhiotal B** agus na haiseanna graif céanna á n-úsáid agat, mar a thaispeántar ar dheis.




**(ii)** Déan cur síos, le cúnamh léaráide, ar an gcineál briste a tharlóidh nuair a bhriseann **miotal A** agus an cineál briste a tharlóidh nuair a bhriseann **miotal B**.

**(iii)** Tabhair sampla **amháin** de mhiotal atá comhsheasmhach leis an graf de **mhiotal A** agus sampla **amháin** de mhiotal atá comhsheasmhach leis an graf de **mhiotal B**.

**(c)** Baineann tábhacht thar na bearta le tástáil neamhscriosach (NDT) i ndearadh agus cothabháil do réimse leathan chomhbhall.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** do **gach** ceann de na modhanna NDT seo a leanas:


- Amharciniúchadh.
- Tástáil ruaim-threáiteach.
- Tástáil cáithníní maighnéadacha.
- Tástáil srutha guairneáin.



**(ii)** Déan cur síos, le cúnamh léaráide/í, ar mhodh oiriúnach radagrafaíochta (x-gha) NDT **amháin**.

**Ceist 3.** **(50 marc)**


**(a)** Le linn a ndéantúsaíochta cuirtear rothaí cóíste iarnróid faoi réir teaschóireálacha amhail dromchla an rotha sheachtraigh a chruachan agus an mol láir a ainéaladh.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar an aidhm atá le hainéaladh an mhoil láir.

**(ii)** Déan cur síos ar phróiseas oiriúnach teaschóireála don dromchla seachtrach ar roth an chóiste.

**(b)** Taispeántar cuid shimplithe de léaráid chothromaíochta an iarainn is an charbóin.




**(i)** Ainmnigh na réigiúin **A** agus **B**.

**(ii)** Déan comparáid idir príomhairíonna an mhiotail ag **X**, ar carbón é 0.2% de, **agus** an mhiotail ag **Y**, ar carbón é 1.5% de.

**(iii)** Déan cur síos ar phointe **C** maidir le pasathrú, teocht agus comhdhéanamh.

**(c)** Déan comparáid idir lasairchruachan agus cruachan ionduchtaithe agus tú ag tagairt dóibh seo a leanas:

- An trealamh
- Na modhanna
- An fuarú.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** as **(i), (ii)** nó **(iii)** thíos agus mínigh an difríocht idir na téarmaí i n**gach** ceann díobh:

**(i)** An cuar fuaraithe le haghaidh cóimhiotail agus an cuar fuaraithe le haghaidh miotal íon.

**(ii)** Ábhair éagruthacha agus ábhair chriostalta.

**(iii)** An pointe eoiteicteach agus an pointe eoiteicteoideach.

**(b)** Taispeánann an tábla seo teochtaí soladaithe le haghaidh cóimhiotail éagsúla de Chaidmiam agus de Bhiosmat.

| **% Caidmiam sa chóimhiotal** | **0** | **10** | **20** | **30** | **40** | **50** | **60** | **70** | **80** | **90** | **100** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladaithe (°C)** | 268 | 237 | 205 | 175 | 140 | 190 | 235 | 265 | 290 | 310 | 321 |
| **Deireadh an tsoladaithe(°C)** | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 |

Agus tú ag baint úsáid as an ngrafpháipéar a chuirtear ar fáil:

**(i)** Tarraing an léaráid chothromaíochta de réir na sonraí a thugtar.


**(ii)** Cuir lipéid ar phríomhghnéithe na léaráide agus déan cur síos orthu.

**(iii)** Mínigh an téarma *cóimhiotal eoiteicteach*.

**(c)** San íomhá mhicreascópach thall taispeántar foirmiú deindrítí le linn fás deindríteach de réir mar a chlaochlaítear miotal ó chéim an leachta go dtí céim an tsolaid.

**(i)** Le cúnamh léaráidí, déan cur síos ar na céimeanna a bhaineann leis an bhfás deindríteach.

**(ii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** locht pointe criostail a d'fhéadfadh tarlú le linn an phróiseas soladaithe miotail.



**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar thall sleamhnán bíse a d'fheicfeá i gclós súgartha. Déantar cuid de as cruach dhosmálta, agus tá sé le táthú don chuaille ingearach cruach dhosmálta trí tháthú tungstain támhgháis (TIG).



**(i)** Le cúnamh léaráide, déan cur síos ar phróiseas an táthaithe tungstain támhgháis (TIG).

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis a n-úsáidtear táthú tungstain támhgháis chun an sleamhnán cruach dhosmálta a dhaingniú.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Mínigh an fheidhm atá ag coigeartóir i stuatháthaithe.

**(ii)** Déan cur síos ar conas a líontar sorcóir aicéitiléine faoi bhrú íseal.

**(iii)** Le cúnamh léaráide, déan cur síos ar phróiseas an táthaithe cuimilte.

**(iv)** Mínigh conas a chuireann an floscbhratú cosc ar ocsaídiú le linn stuatháthú miotail de láimh.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghuais sábháilteachta a bhaineann le táthú miotail támhgháis (MIG) i gceardlann scoile.

**(c)** Le cúnamh léaráidí oiriúnacha, déan comparáid idir spot-táthú friotaíochta agus séamatháthú friotaíochta de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Cruth leictreoide
- Gnáthamh táthúcháin
- Na feidhmeanna atá ag gach cineál táthaithe
- Cúinsí sábháilteachta.

**NÓ**

**(c)** Is culaith inchaite róbait í an chulaith eisichreatlach a thaispeántar thall agus cuireann sí luaineacht níos fearr ar fáil do dhaoine.



**(i)** Pléigh tionchar na culaithe róbait sna réimsí seo a leanas:
- Cúnamh thabhairt do dhuine faoi mhíchumas
- Athshlánú tar éis gortaithe.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm eile don rialú róbatach i gcúrsaí leighis.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Le blianta beaga anuas tá ag éirí thar cionn le lucht seoltóireachta agus le lucht rámhaíochta na hÉireann agus baineadh buaicphointí amach nuair a ghnóthaigh deartháireacha Uí Dhonnabháin agus Sanita Puspure na gradaim is airde sna Cluichí Oilimpeacha agus i gCraobhchomórtais an Domhain.






Déantar ard-innealtóireacht ar chomhbhaill na mbád rásaíochta, amhail na glambaí a thaispeántar, chun feidhmíocht na mbád le linn rásaí a fheabhsú.

**(i)** Luaigh **dhá** airí thábhachtacha de chuid ábhar teirmeaplaisteach is cóir a chur san áireamh le haghaidh mhonarú chabhail an ghlamba a thaispeántar.

**(ii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar phróiseas déantúsaíochta oiriúnach le haghaidh olltáirgeadh chabhail an ghlamba a thaispeántar.




**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:


**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na bunphrionsabail a bhaineann le comhpholaiméiriú.

**(ii)** Déan cur síos ar na difríochtaí idir *cuimhne leaisteach* agus *leaisteachas* i dteirmeaplaistigh.

**(iii)** Pléigh an úsáid a bhaintear as bealaí i bpróisis déantúsaíochta polaiméirí.

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar na tionchair dhiúltacha ar an timpeallacht a bhaineann le húsáid leanúnach a bhaint as ábhair pholaiméireacha.

**(c)** De ghnáth is as ábhair snáithín carbóin lannaithe, ar a bhfuil scructúr na círe meala, a dhéantar báid rásaíochta.





**(i)** Déan cur síos ar na téarmaí *lannaithe* agus *snáithín carbóin*.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le struchtúr na círe meala i ndéantúsaíocht bád rásaíochta.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Bíonn sreabháin ghearrtha riachtanach le haghaidh oibríochtaí gearrtha meaisín.



**(i)** Mínigh conas a théann úsáid sreabhán gearrtha i bhfeidhm ar na nithe seo a leanas:

- Bailchríoch dhromchla an ábhair
- Ré na uirlise gearrtha.

**(ii)** Déan cur síos ar conas a dhéantar screabháin ghearrtha a chothabháil chun an bhréine a chosc.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Mínigh, le cúnamh léaráidí, an difríocht idir muilleáil *gearrtha aníos* agus muilleáil *gearrtha anuas*.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné sábháilteachta atá ina ndlúthchuid de mheilteoir binse.

**(iii)** Déan cur síos ar na príomhdhifríochtaí idir réamaire agus béalmhír dhruilire.

**(iv)** Mínigh, le cúnamh léaráide, an difríocht idir *uillinn sciota* agus *uillinn scóipe*.

**(v)** Déan cur síos ar mhodh **amháin** chun bís innill a dhaingniú go sábháilte le bord druileála.

**(c)** Is í an chairbíd tungstain an t-ábhar is túisce a roghnaítear chun reanna mianadóireachta, béalmhíreanna druilire agus uirlisí gearrtha eile a dhéanamh.



**(i)** Mínigh conas a dhéantar reanna ionsáite cairbíde tungstain.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le reanna ionsáite cairbíde tungstain a úsáid.

**NÓ**

**(c)** Tá Teicneolaíocht an Ríomhrialaithe Uimhriúil (CNC) chun tosaigh i réimse na déantúsaíochta beacht-innealtóireachta.



**(i)** Mínigh na gnéithe seo a leanas de teicneolaíocht CNC:


- Tionchar ar tháirgiúlacht
- Iontaofacht.

**(ii)** Déan cur síos ar na hoibríochtaí meaisínithe CNC seo a leanas:

- Athrú uathoibríoch uirlise
- Rith tástála.

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Sa phrintéir 3T a thaispeántar thall, úsáidtear meicníocht ríscriú chun an cnoga printéara a bhogadh go hingearach.




**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar conas a ardaíonn agus a íslíonn an mheicníocht ríscriú airde an chnoga printéara agus é in úsáid.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar mheicníocht eile a chuirfidh ar a chumas do bhord an phrintéara bogadh anonn is anall.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Mínigh conas a thras-seolann péist agus péistghiar gluaiseacht trí 90°.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar thiontú fuinnimh **amháin** a tharlaíonn i gcadhnra gluaisteáin.

**(iii)** Luaigh buntáiste **amháin** atá ag criostiomáint fhiaclach ar thiomáint slabhra.

**(iv)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar oibríocht giair réchasta.

**(v)** Mínigh conas is féidir le hunlas ardúcháin oibriú trí mheicníocht raicín agus cheapachóra.

**(c)** Tá an t-aonad spraeála barr a thaispeántar thall oiriúnach lena cheangal de chuadrothar. Tá géaga spraeála ar bhúm in-aistarraingthe ag an aonad spraeála.

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar mheicníocht in-aistarraingthe oiriúnach don bhúm spraeála.

**(ii)** Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le géaga spraeála ar bhúm in-aistarraingthe.





**NÓ**

**(c)** Taispeántar anseo ciorcad rialaithe le haghaidh fearais agus gléasanna leictreonacha. Seachadann an ciorcad seo soláthar cumhachta 6-12V de ghnáth.

**(i)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag an gclaochladán sa ciorcad a thaispeántar.

**(ii)** Ainmnigh comhbhall **amháin** eile sa ciorcad a thaispeántar.



An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# Innealtóireacht – *Ábhair agus Teicneolaíocht*

Déardaoin 6 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2019

# Engineering - Practical

*(150 marks)*

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

# Please Read Carefully

## Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2019. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2019. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 7, 8 and 9 have been made prior to examination day. Parts 1 and 2 has been part-prepared. Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2019. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

## Innealtóireacht - Praiticiúil

*(150 marc)*

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht Ghlais** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.


| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 4, 7, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 1 agus 2 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL


2019. M74A(L1)

1



2




3




4



5




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

6



7




Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:

8



9



Nóta: Ba chóir go rothódh Páirteanna 7 agus 8 go saorálach i bpoll Ø8 mm

Note: Parts 7 and 8 should rotate freely in a Ø8 mm hole




THALL
OVER

Lá 1
Day 1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2019. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




SONRAÍ CÓIMEÁLA

ASSEMBLY DETAILS




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

**Day 1, 2 and 3**

2019. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2019

## Engineering - Practical
*(150 marks)*

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2019. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2019. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 7, 8 and 9 have been made prior to examination day. Parts 1 and 2 has been part-prepared. Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

**2019. M74AT**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

## Innealtóireacht - Praiticiúil

*(150 marc)*

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht Ghlais** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 4, 7, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 1 agus 2 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




1





2





3




4





5





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

6





7





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:

8





9




Nóta: Ba chóir go rothódh Páirteanna 7 agus 8 go saorálach i bpoll Ø8 mm

Note: Parts 7 and 8 should rotate freely in a Ø8 mm hole




THALL
OVER

Lá 2
Day 2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2019. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




SONRAÍ CÓIMEÁLA

ASSEMBLY DETAILS




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Day 1, 2 and 3

2019. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2019

## Engineering - Practical
*(150 marks)*

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

# Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2019. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2019. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 7, 8 and 9 have been made prior to examination day. Parts 1 and 2 has been part-prepared. Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2019. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

## Innealtóireacht - Praiticiúil

*(150 marc)*

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht Ghlais** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 4, 7, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 1 agus 2 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




1





2





3




4





5





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

6





7





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:

8





9




Nóta: Ba chóir go rothódh Páirteanna 7 agus 8 go saorálach i bpoll Ø8 mm

Note: Parts 7 and 8 should rotate freely in a Ø8 mm hole



THALL


OVER

Lá 3
Day 3

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2019. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




## SONRAÍ CÓIMEÁLA

## ASSEMBLY DETAILS




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.